An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Miontuairiscí

Déardaoin 29 Meán Fómhair 2016

Láthair: Institiúid Oideachais Marino

Dáta/Am: 29 Meán Fómhair 2016, 11 r.n. - 1.30 i.n.

I Láthair: Dónal Ó hAiniféin (DÓH), Dairíona Nic an Iomaire (DNI), Rita Nic Amhlaoibh (RNA), Aodh Mac Craith (AMC), Robbie Cronin (RC), Deirbhile Nic Craith (DNC), Cathnia Ó Muircheartaigh (CÓM), Yvonne Ní Mhurchú (YNM), Seán Mac Nia (SMN).

Ag Freastal: Muireann Ní Mhóráin (MNM), Pádraig Ó Beaglaoich (PÓB)

Leithscéalta: Elaine Ní Neachtain, Séamus Ó Fearraigh, Sinéad Nic Giolla Chainnigh

Fáiltiú:
D'fháiltigh an Cathaoirleach rompu siúd a bhí i láthair agus ghabh sé buíochas leo as a n-iarrachtaí a bheith i láthair, agus chuir sé fáilte speisialta roimh chomhaltaí nua an Bhoird, Rita Nic Amhlaoibh agus Aodh Mac Craith. D'fhógair an Cathaoirleach go raibh beirt Oifigeach Oideachais nua tosaithe le COGG le mí anuas, Máire Nic an Rí (MNR) agus Pádraig Ó Beaglaoich. Ghuigh sé gach rath orthu ina gcuid oibre agus rinne sé iad a fháiltiú go COGG.

Clár	Cur síos	Gníomh
1. Coimhlint Leasa	Chuir DÓH in iúl don Bhord faoi choimhlint leasa agus ní raibh aon ní ag éirí as sin.	
2. Miontuairiscí 19 Aibreán 2016	Glacadh le miontuairiscí 19 Aibreán 2016 agus tugadh cead don Chathaoirleach iad a shíniú.	
3. **Nithe ag éirí astu nach bhfuil ar an gclár**	Ardaíodh ceist faoi ghráid leasaithe iontrála agus fiafraíodh ar seoladh litir. Soiléiríodh an scéal seo agus deimhníodh go bhfuil an scéal ardaithe. Pléadh na gráid iontrála. Airíodh gur chóir an scéal a ardú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Pléadh ceist múinteoirí Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal atá ag teacht amach	Teagmháil le déanamh le Tomás Ó Ruairc an athuair.

	le grád D san Ardteist (Ardleibhéal), ag cáiliú le céim sa Ghaeilge agus anois ina múinteoirí cáilithe Gaeilge. Moladh go láidir gur chóir comhairle dlí a lorg chun déileáil leis an gceist seo. Luadh an tábhacht a bhaineann le gníomhú agus tacaíocht na Comhairle Múinteoireachta.	Tá an scéal maidir le comhairle dlí le fiosrú níos faide.
4. Tuairisc an Chathaoirligh	Pléadh an polasaí oideachais Gaeltachta atá le foilsiú go fóill. Cuireadh fáilte roimh na hOifigigh Oideachais nua. Luadh go bhfuil Cathy Ní Chianaigh imithe óna post ach comharba le hearcú go fóill ó phainéal nua Ardoifigigh Feidhmiúcháin. Níl ach tacaíocht shealadach pháirtaimseartha san oifig. Luadh go bhfuil spás oifige nua aimsithe ar Phlás Windsor (taobh le Sráid Pembroke). Tá éarlais íoctha agus neart spáis ann chun freastal ar fhorbairt na heagraíochta agus foireann oibre méadaithe. Tugadh aitheantas faoi leith do Kevin de Barra (Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta) a chinntigh gur íocadh an éarlais chuí.	Tá roinnt socruithe eile fós le deimhniú agus próiseas le leanúint. Coinneofar comhaltaí an Bhoird ar an airdeall faoi na hathruithe sin in am trátha.
5. **Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh**	**Acmhainní/Leabhair:** Tá leabhair OSSP agus OSPS seolta amach chuig na hiar-bhunscoileanna. Tá Tobar na Gaoise (OSPS) ar fáil mar PDF ar shuíomh COGG agus Ar Scáth a Chéile (OSSP) le teacht. Tá dul chun cinn déanta leis na leabhair Eolaíochta agus Ghnó don tSraith Shóisearach nua. Luadh freisin go bhfuil leabhair agus dlúthdhioscaí *A Toi 2!* (Léamhthuiscintí na hArdteiste) réidh le dáileadh ar na hiar-bhunscoileanna Tá leaganacha COGG de Thaisce Tuisceana 2, Snas ar Scéal 1 & 2 agus Túsfhuaimeanna á ndáileadh ar na bunscoileanna faoi láthair.	PDF den leabhar Ar Scáth a Chéile le haimsiú agus le crochadh ar shuíomh COGG Cruinniú le EDCO ar an 5 Deireadh Fómhair. Leabhair agus dlúthdhioscaí *A Toi 2!* le seoladh amach

	Dianchúrsa Gaeilge: Bhí an-rath ar an Dianchúrsa Gaeilge i gCill Chainnigh. Luadh gur chóir smaoineamh ar an nGaeilge (mar ábhar teagaisc) an bhliain seo chugainn. D'aontaigh an Bord gur chóir freastal a dhéanamh ar ábhar na Gaeilge. Ansin ardaíodh ceist maidir le dianchúrsa Gaeilge (trasearnálach) ar riachtanais forbartha teanga na gCúntóirí Riachtanas Speisialta. Aontaíodh gur chóir seachtain faoi leith a thiomnú do chúrsa dá leithéid agus díriú isteach ar Bhaile Átha Cliath mar chéad láthair an chúrsa. **Comhdháil ar Sholáthar Múinteoirí Iar-bhunscoile:** Pléadh an Chomhdháil ar an 22 Meán Fómhair i dTúr an Chloig. Aontaíodh gurbh fhiú go mór iad imeachtaí an lae agus gur gá an scéal a thabhairt céim eile chun cinn agus gurbh iontach an rud gur aithníodh go bhfuil constaicí soláthar le sárú. Tuairiscíodh gur léir go bhfuil gá le cúrsa in oirthear na tíre chun freastal ar an nganntanas reatha. Faoi láthair níl ann ach an cúrsa MGO in OÉ Gaillimh agus srian de 40 mac léinn ar an gcúrsa sin i láthair na huaire. Aithníodh go gcaithfear an fhadhb seo a réiteach ar bhonn céimnithe atá fadradharcach, agus a thabharfaidh suntas don trasnaíl ón mbunscoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta go dtí an iar-bhunscoil. **Na Meáin Shóisialta:** Luadh tábhacht na meán sóisialta chun teachtaireachtaí a chraobhscaoileadh. Aithníodh go bhfuil COGG ar Twitter @CoggOid anois Ardaíodh ceist faoi spriocléitheoirí an leathanaigh Facebook amach anseo.	Gaeilge le bheith ar fáil an bhliain seo chugainn ar lá na speisialtóirí. Dátaí agus láthair le socrú don bhliain seo chugainn. Na féidearthachtaí le cíoradh níos faide ag foireann COGG. Tuairisc le hullmhú agus le dáileadh an mhí seo chugainn ar rannpháirtithe na comhdhála. Tá liosta na dteagmhálacha ag Gaelscoileanna Teo. Na cuir i láthair le haimsiú ag PÓB uathu siúd a thug cur i láthair agus le scaipeadh ar chomhaltaí an Bhoird an mhí seo chugainn Bainistiú laethúil le déanamh ag PÓB ar chuntas Twitter COGG. Obair le déanamh ag PÓB ar an gcuntas Facebook le féachaint chuige go mbeidh an

	Dheimhníodh nach ndíreofaí ach ar mhúinteoirí ag an gcéim seo den fhorbairt. **Réidh, Socair, Déan** Tá sé i gceist na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le lá oiliúna/ceardlanna a eagrú bunaithe ar an acmhainn *Réidh, Socair, Déan* an lá sula mbeidh Comhdháil Ghaelscoileanna/COGG i gCill Chainnigh i mí na Samhna. Bheadh an lá (10 Samhain) dírithe ar bhunscoileanna agus forbairt na luath-litearthachta.	leathanach sin níos idirghníomhaí agus go meallfar breis tráchta ann. Breis forbartha le déanamh ar na féidearthachtaí seo.
	Na Scoileanna Eorpacha Tugadh tuairisc faoin gcuairt agus seisiún eolais a thug an príomhfheidhmeannach do mhúinteoirí iar-bhunscoile na Scoileanna Eorpacha. Tugadh aitheantas faoi leith d'iarrachtaí Lynda O'Toole, ón gCigireacht, na múinteoirí ar fad a thabhairt le chéile in Lucsamburg. Bíonn na múinteoirí seo ag teagasc in ionaid éagsúla mórthimpeall na hEorpa. Aithníodh go mbíonn dúshláin agus deacrachtaí faoi leith le sárú ag na múinteoirí seo – iad go minic leo féin agus easpa deiseanna acu an Ghaeilge a labhairt ar bhonn rialta. An múnla atá acu don scrúdú cainte (Bacc) tá sé thar a bheith inmholta agus ciallmhar. Tá gá le fráma tagartha don Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile atá ar comhchéim leis na teangacha eile. I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhíonn le sárú ag na múinteoirí Gaeilge seo, ba chóir gach iarracht a dhéanamh chun tacú leo.	Breis plé le déanamh ag foireann COGG ar na bealaí éagsúla inar féidir le COGG tacú leis na Scoileanna Eorpacha amach anseo. Is gá fiosrú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le gréasáin/fóráim ar line a bhunú a cheadódh don fhíschomhdháil, idirphlé agus comhaid a roinnt ar a chéile. Súil le caitheamh ar na múnlaí agus critéir reatha i ndáil le scrúdú Gaeilge an Bacc. Breathnófar freisin ar iar-pháipéir agus treoirlínte i ndáil leis an nGaeilge. Aontaíodh gur fiú gach cuidiú agus tacaíocht a thabhairt do na múinteoirí seo trí struchtúir atá fíorúil

		mar aon le féidearthachtaí a bhaineann le cuairt bhliantúil ar an láthair. Tá an príomhfheidhmeannach ag fiosrú na bhféidearthachtaí maidir le leagan PDF d'fhorlíonadh seachtainiúil na Gaeilge (maoinithe ag COGG) san Irish Independent a sheoladh go leictreonach chuig na Scoileanna Eorpacha chuile sheachtain. Fiosrófar an scéal leis an nuachtán féin.
	Cúrsaí Taighde Tugadh tuairisc don Bhord ar thaighde atá ar bun le maoiniú COGG i láthair na huaire. Luadh go sonrach taighde OÉ Má Nuad faoi rátaí gnóthachtála na Gaeilge ag leibhéal na hArdteiste. Tá an obair seo fós ar bun. Rinneadh tagairt freisin don thaighde bunaithe ar "A Balanced Approach to Literacy" atá anois curtha i gcrích.	Torthaí le roinnt leis an mBord ag deireadh an taighde. Féachfar ar thorthaí an taighde sin.
6. Straitéis don Oideachas 2016-2019 **7. An tSraith Shóisearach**	**Oideachas Gaeltachta:** Pléadh oideachas Gaeltachta sa straitéis agus ardaíodh an cheist faoi chruinniú a lorg leis an Aire Oideachais a luaithe agus is féidir. **Sonraíocht nua do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí:** ➢ Luadh an tsonraíocht nua don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach agus deimhníodh go mbeidh sonraíochtaí éagsúla ann do T1 agus T2. ➢ Litir seolta ag an bPríomhfheidhmeannach ag plé le gnéithe na sonraíochta nua.	Iarratas ar chruinniú leis an Aire Oideachais.

	➢ Luadh go bhfuil coimhlint ann idir na riachtanais forbartha teanga agus na critéir mheasúnaithe/ treoirlínte scrúdaithe. ➢ Ardaíodh ábhair a bhí ag déanamh buartha do roinnt scoileanna. ➢ Luadh an riachtanas a bhíonn ann do bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeilge scrúduithe Dhroim Conrach a dhéanamh sula ndéantar aghaidh a thabhairt ar an iar-bhunscoil. Ní hamhlaidh an cás sna scoileanna Béarla. **<u>VIFAX:</u>** Luadh go dtáinig iarratas ar mhaoiniú ó VIFAX (OÉ Má Nuad). Is acmhainn físfhoghlama í seo a chuirtear ar fáil go seachtainiúil le linn na scoilbhliana agus a úsáidtear go forleathan sna hiar-bhunscoileanna mar acmhainn teagaisc.	Coinneofar comhaltaí an Bhoird ar an eolas faoi fhorbairtí ar bith. Tá an scéal seo le fiosrú agus deimhniú le haimsiú go ndéanfar leasú ar chúrsaí agus go gcuirfear dualgas ar dhaltaí na mbunscoileanna Béarla scrúdú Gaeilge Dhroim Conrach a shuí chomh maith. D'fhaomh comhaltaí an t-iarratas.
8. Comhfhreagras	**Suíomh COGG** www.cogg.ie : Pléadh plean feabhsúcháin Freeman Contingent maidir le suíomh COGG. Airíodh go raibh an meastachán sách costasach agus gur chóir meastacháin eile a aimsiú. Aithníodh go bhfuil gá le leasuithe ar shuíomh COGG.	Dhá mheastachán eile le haimsiú ó chomhlachtaí eile.
9. Snas agus Blas (CCEA)	Tugadh cur i láthair ar an leabhar nua Snas agus Blas (Bliain 8) a scríobh AISTEAR. Téann suíomh gréasáin leis an leabhar ach ní mór do mhúinteoirí/scoileanna clárú chun teacht ar na hacmhainní idirghníomhacha. Is clár teanga do bhunscoileanna lán-Ghaeilge é an clár. Seo í an chéad uair dá leithéid tarlú i dTuaisceart Éireann. Tá an clár bunaithe ar shaol na ndaltaí. Tugadh leabhar agus treoirlínte an mhúinteora do gach comhalta in éineacht le sonraí logála (sealadacha)	Comhaltaí an Bhoird leis an leabhar a scagadh agus triail a bhaint as eilimintí idirghníomhacha an tsuímh Snas agus Blas. Aischothú le seoladh ar

	don suíomh. Iarradh orthu triail a bhaint as na heilimintí idirghníomhacha a bhain leis an suíomh. Pléadh Gaeilge an leabhair a oiriúnú do scoileanna an deiscirt agus an obair sin a dhéanamh i gcomhpháirt le COGG. Tá roinnt iar-bhunscoileanna ag baint úsáide as an leabhar (agus suíomh) ar bhonn píolótach i láthair na huaire. B'fhéidir go leathnófaí seo amach chuig scoileanna eile ag tráth níos déanaí.	aghaidh. Aischothú le haimsiú ó na hiar-bhunscoileanna seo faoi dheireadh mhí na Samhna: éifeacht na húsáide/eispéireas na scoláirí/dearcthaí na múinteoirí srl. Bheadh ceistneoirí le cur i dtoll a chéile agus le scaipeadh ar na scoláirí/múinteoirí ábhartha.
10. Dátaí cruinnithe go dtí deireadh na bliana 2016	Socraíodh na dátaí seo a leanas: > Déardaoin, 17 Samhain 2016 @ 11rn > Déardaoin, 8 Nollaig 2016 @ 11rn Beidh na cruinnithe ar siúl in Institiúid Oideachais Marino.	Seomra cruinnithe agus lón a chur in áirithe in Institiúid Oideachais Marino.
11. Aon Ghnó Eile	**FÉASTA 100** Beidh mórdhinnéar ceiliúrtha (carbhat dubh) ag na ceanneagraíochtaí Gaeilge ar an 3 Nollaig 2016 in Óstán an Double Tree Hilton. Is cuid de chlár ceiliúrtha 1916 atá i gceist. Seasfaidh COGG costas an ticéid do chomhaltaí an Bhoird agus do bhaill foirne. Tá fáilte roimh pháirtithe chomh maith ach ní bheidh costas na dticéad sin clúdaithe.	Comhaltaí an Bhoird agus baill foirne le deimhnithe a sheoladh ar aghaidh a luaithe agus is féidir.

Síniú an Chathaoirligh:

_____

Dónal Ó hAiniféin

Dáta: _____